


Feidhm: Ag déanamh coinne (foirmeálta)

Bileog 12.1

- Scaip **Bileog 12.1** ar an rang agus abair leo Gaeilge a chur ar na focail.

Freagraí:

<i>Mrs</i> -	<i>Bean (Bean Mhic Aoidh/Bean Uí Dhónaill)</i>
<i>Ms</i> -	<i>Iníon (Iníon Mhic Aoidh/Iníon Uí Dhónaill)</i>
<i>Mr</i> -	<i>Uasal (An tUasal Mac Aoidh/An tUasal Ó Dónaill)</i>
<i>What about Thursday?</i> -	<i>Cad faoi Dhéardaoin?</i>
<i>Manager</i> -	<i>Bainisteoir</i>
<i>Appointment</i> -	<i>Coinne</i>

- Abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le duine ar an téip ag iarraidh coinne a shocrú.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó dóibh agus pléigh na freagraí leis an rang iomlán.
-  Tabhair seans do na foghlaimeoirí na rialacha a bhaineann leis an aimsir fháistineach (na briathra rialta) a phlé le chéile. Téigh tusa siar ar na rialacha leis an rang ar fad ansin. Iarr ar an rang na rialacha ar chur fáil an oiread agus is féidir, seachas tusa bheith á gcur ar fáil dóibhsean.

Aimsir Fháistineach – briathra rialta:

An chéad réimniú – bíonn an deireadh –
- faidh/fidh mé/tú/sé/sí/sibh/siad
- faimid/fimid

Briathra sa chéad réimniú

- siolla amháin (tóg/caith).
- deireadh –áil agus siolla amháin (sábháil).
- briathra áirithe a chríochnaíonn le –áin (taispeáin).

An dara réimniú – bíonn an deireadh –
- óidh/eoidh mé/tú/sé/sí/sibh/siad
- óimid/eoimid

Briathra sa dara réimniú

- níos mó ná siolla amháin (ceannaigh/imigh).
- deireadh –ail, -il, -ain, -in, -air, -ir, -ais, is (freastail, cosain, imir, inis).
- briathra áirithe eile (foghlaím).

- Tabhair seans dóibh ríomhphost a scríobh chuig bainisteoir le cruinniú a shocrú don lá amárach.
- Nuair atá sé críochnaithe acu iarr orthu a gcuid ríomhphoist a chur i gcomparáid lena chéile.
- Seo thíos ríomhphost samplach. Déan plé ar na bealaí éagsúla atá ann le tús agus deireadh a chur leis an ríomhphost.

Seoladh _____
Ábhar _____

A Shiobhán/A Sheáin, a chara,

Tá an tuairisc sin críochnaithe agam agus bhí me ag súil le cruinniú a bheith agam leat le plé a dhéanamh uirthi. Tá mé féin gafa don chuid eile den tseachtain ach an mbeidh tú saor maidin Dé Luain roimh am lóin? Tá súil agam go bhfuil tú féin go maith.

Le dea-mhéin, le dea-ghuí, le gach dea-ghuí, le buíochas.

Máire



Tabhair seans dóibh plé a dhéanamh ar *an tUasal* agus *leis an Uasal*.

an tUasal – focal firinsneach sa tuiseal ainmneach a thosaíonn le guta - cuirtear t roimh an ainmfhocal. Níl fleiscín anseo mar go dtosaíonn an t-ainmfhocal le ceann litir.

leis an Uasal – is é an tuiseal tabharthach atá i gceist. Ní bhíonn an ‘t’ ann sa tuiseal tabharthach – is cuma an focal firinsneach nó focal baininsneach é.




- Tabhair seans dóibh plé a dhéanamh ar an Ghaeilge agus an obair. Déan plé ar an topaic seo leis an rang ar fad nuair atá píosa maith cainte déanta acu féin.

Feidhm: Ag déanamh coinne
Ag cur leibhéal éagsúil dóchúlachta in iúl

Bileog 12.2, Bileog 12.3 agus Bileog 12.4 A agus B

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 12.2** orthu.
- Míniú dóibh go gcaithfidh siad comhráite a bheith acu bunaithe ar na focail atá sna boscaí.
- Scríobh comhrá samplach ar an chlár dubh más gá, le cuidiú leo an ghníomhaíocht a dhéanamh:
 - *An rachaimid chuig an dráma úr atá in amharclann na Péacóige?*
 - *Ba bhreá liom dul ann, ach ar an drochuair tá obair tí le déanamh agam.*

- Déan druil leis an rang ar fad leis na comhráite seo a chleachtadh sula gcuireann tú gach beirt ag obair le chéile. Is féidir abairt amháin ar nós – **ar an drochuair/tá brón orm ach/ba bhreá liom/tá seans maith go** - a thabhairt do gach duine agus ansin cuir thusa ceisteanna ar nós – **ar mhaith leat dul go dtí an teach tábhairne liom tar éis an ranga?** Beidh ar na foghlaimoirí freagraí a thabhairt duit ag úsáid na n-abairtí a thug tú dóibh.
- Nuair atá an cleachtadh ag barr an leathanaigh déanta acu abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le ceithre chomhrá éagsúla ar an téip a bhaineann le bheith ag déanamh socruithe.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus pléigh na freagraí leis an rang ar fad.
- Pléigh aon deacracht a bhí acu le focail agus frásaí ar an téip.
- Iarr ar gach duine socrú éigin a dhéanamh i gcomhair tar éis an ranga. Cuir i gcuimhne dóibh a samhlaíocht a úsáid - nach bhfuil ann ach deis dóibh an struchtúr a chleachtadh.

-  **An Aimsir Fháistineach – Briathra Neamhrialta**

abair (say)

An ndéarfaidh tú? Déarfaidh/Ní déarfaidh

beir (catch, give birth to)

An mbéarfaidh tú? Béarfaidh/Ní bhéarfaidh

clois (hear)

An gcloisfidh tú? Cloisfidh/Ní chloisfidh

déan (make, do)

An ndéanfaidh tú? Déanfaidh/Ní dhéanfaidh

faigh (get)

An bhfaighidh tú? Gheobhaidh/Ní bhfaighidh

feic (see)

An bhfeicfidh tú? Feicfidh (Chífidh i gcanúint Uladh)/Ní fheicfidh

ith (eat)

An íosfaidh tú? Íosfaidh/Ní íosfaidh

tabhair (give)

An dtabharfaidh tú? Tabharfaidh/Ní thabharfaidh

tar (come)

An dtiocfaidh tú? Tiocfaidh/Ní thiocfaidh


téigh (go)

An rachaidh tú? Rachaidh/Ní rachaidh

bí (be)

An mbeidh tú? Beidh/Ní bheidh

- Scaip **Bileog 12.3** ar an rang agus léigh tríd na treoracha leis an rang le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Caithfidh siad am amháin do gach scannán a roghnú sula labhraíonn siad leis an duine in aice leo.
- Ansin caithfidh siad beirt iarracht a dhéanamh dul chuig cúpla scannán le chéile.
- Ba cheart go mbeadh an comhrá cosúil leis an chomhrá samplach ar an bhileog.
- Nuair atá an ghníomhaíocht déanta acu, iarr ar chúpla duine an comhrá a bhí eatarthu féin a dhéanamh amach os ard.
- Pléigh ceist ar bith atá acu tar éis na gníomhaíochta.
- Cuir gach triúr ina suí le chéile ansin agus tabhair seans don triúr labhairt faoi na ceisteanna ag bun an leathanaigh.
- Bí cinnte go bpléifidh an triúr gach ceist in aon am amháin sa dóigh is go mbeidh deis chainte ag gach duine.

- Cuir gach beirt ag obair le chéile arís agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag léamh faoi scannáin a bhí mar chuid den fhéile *Guth Gafa* a bhíonn ar siúl i nGort a'Choirce gach bliain.
- Bíodh cóipeanna déanta agat de **Bhileog 12.4A** do leath an ranga agus cóipeanna de **Bhileog 12.4B** don leath eile.
- Tabhair **Bileog 12.4A** do dhuine den bheirt agus **Bileog 12.4B** don duine eile.
- Mínigh dóibh go bhfuil leagan Béarla agus leagan Gaeilge ar an chur síos ar na scannáin idir an bheirt acu.
- Déanfaidh an duine atá ag léamh an leagain Ghaeilge os ard iarracht míniú an phíosa sin a aimsiú agus beidh an duine eile a bhfuil an leagan Béarla aige ansin le cuidiú le haon deacracht a bheadh ann.
- Léigh thusa na leaganacha Gaeilge os comhair an ranga ar fad agus déan plé ar an stór focal atá le fáil iontu.
-  Tabhair seans do na foghlaimoirí ansin plé ginearálta a dhéanamh ar chúrsaí aistriúcháin.

Feidhm: **Ag cur cruinniú ar athlá/ceal**
 Ag cur bróin in iúl

Bileog 12.5

- Cuir gach beirt le chéile arís agus scaip **Bileog 12.5** orthu.
- Tabhair tamall dóibh le smaoineamh ar na dóigheanna le - *I'm sorry to hear that* - a rá as Gaeilge.
- Abair leo go mbeidh siad ag éisteacht leis an téip ansin le feiceáil an raibh na dóigheanna céanna ag na daoine ar an téip.
- Pléigh thusa na leaganacha éagsúla a bhí ag an rang ar fad.
- Mínigh dóibh ansin go mbeidh siad ag déanamh cleachtaidh ar na struchtúir seo.
- Tá ar an chéad duine pictiúr a roghnú don dara duine, agus caithfidh an dara duine an pictiúr a úsáid le rá cén fáth nach mbeidh sé/sí san obair amárach. Tá ar an chéad duine ansin an freagra cuí a thabhairt.

- * Bí cúramach, ní drochscéalta ar fad iad!
- Iarr ar chúpla duine comhrá a dhéanamh os comhair an ranga.

Feidhm: Ag gabháil leithscéil agus ag tabhairt freagra ar leithscéal

Bileog 12.6 agus Bileog 12.7



- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 12.6** orthu.
- Abair leo go gcaithfidh siad smaoinemh ar nathanna cainte atá cosúil leis na nathanna cainte a bhfuil línte fúthu.

Gabh mo leithscéal
Tá mé buartha
Tá cathú orm
Tá an-bhrón ar fad orm

- Tá brón orm ach ní bheidh mé i láthair ag an chruinniú anocht de bharr go bhfuil mé róthuirseach.
- Tá sé sin ceart go leor. Ná bí buartha.

Go breá
Ceart go leor
Tuigim duit

Is cuma faoi
Ná bíodh imní ort
Ná bac

-  Tagann an fhoirm spléach tar éis **go** i gcónaí. Is leor cúpla sampla eile a thabhairt anseo den fhoirm spléach agus ansin léigh tríd na treoracha atá sa chiorcal.
- Míniú do na foghlaimoirí go mbeidh orthu abairtí a chumadh san aimsir fháistineach agus ansin go mbeidh orthu '**dúirt sé/sí go . . .**' a chur ar na habairtí a deir an duine in aice leo sa ghrúpa.
- Nuair atá cleachtadh maith déanta acu air sin tabhair deis dóibh a machnamh a dhéanamh ar thrí rud nach n-éireoidh leo a bhaint amach an tseachtain amach rompu.
- Caithfidh siad ansin a rá leis an duine in aice leo cad nach féidir leo a dhéanamh agus cén fáth.
- Bí thusa ag siúl thart i gcónaí le cuidiú a thabhairt dóibh.
-  Tabhair seans dóibh an cheist seo a phlé le chéile ar feadh tamaill. Cuir thusa béim ag an pointe seo ar an tábhacht a bhaineann le hobair a dhéanamh ar an teanga go leanúnach agus pléigh slite chun é seo a dhéanamh.
- Scaip **Bileog 12.7** ar an rang.
- Léigh tríd na treoracha leis an rang le bheith cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh.

- Caithfidh siad ar dtús na rudaí a chaithfidh siad a dhéanamh a bhreacadh sa dialann. Mar shampla:

	maidin	tráthnóna	oíche
Dé Luain:			obair
Dé Máirt:			
Dé Céadaoin:	tórramh		obair
Déardaoin:			
Dé hAoine:			
Dé Sathairn:		cat	
Dé Domhnaigh:			

- Ansin caithfidh siad daoine a aimsiú atá saor ag na hamanna céanna leosan leis na rudaí eile a dhéanamh. Caithfidh siad leithscéalta a thabhairt chomh maith nuair is gá.
- Iarr orthu an stór focal ar fad (an oiread agus is féidir) ón aonad a úsáid le linn na gníomhaíochta.